## Féile Coirm Gael Linn 2016

### CLÁR SAMPLACH

**MAIDIN**

| | |
|---|---|
| 10.30 a.m. | Seó Scoile 1 |
| 11.00 a.m. | Seó Scoile 2 |
| 11.30 a.m. | Seó Scoile 3 |
| 12.00 nóin | Seó Scoile 4 |
| **12.45 p.m.** | **BRONNADH na nGRADAM** |

(Páistí sheónna na maidine ag imeacht abhaile, páistí sheónna na hiarnóna ag teacht)

**TRÁTHNÓNA**

| | |
|---|---|
| 1.30 p.m. | Seó Scoile 5 |
| 2.00 p.m. | Seó Scoile 6 |
| 2.30 p.m. | Seó Scoile 7 |
| 3.00 p.m. | Seó Scoile 8 |
| **3.45 p.m.** | **BRONNADH na nGRADAM** |

- Tá an clár seo déanta amach ag glacadh leis go mbeidh 8 seó páirteach. In áiteanna a mbeidh níos lú seónna ná sin ag glacadh páirte, eagrófar an lá in aon seisiún amháin.
- Le go mbainfidh na páistí lántairbhe as an lá agus chun atmaisféar a chothú san amharclann, beimid ag súil go bhféachfaidh gach grúpa ar na grúpaí eile sa seisiún céanna leo féin agus go mbeidh na grúpaí uilig ó gach seisiún i láthair ag Bronnadh na nGradam. Tá an-tábhacht ag baint leis seo, dar linn, mar níl tada níos measa ná seó a bheith ar ardán agus gan éinne a bheith sa lucht féachana.

### GINEARÁLTA

- Beidh sé de cheart ag Gael Linn íomhánna a ghlactar ag imeachtaí Gael Linn a úsáid mar ábhar poiblíochta don eagraíocht amach anseo.
- Tá polasaí árachais dliteanas poiblí ag Gael Linn a chlúdaíonn ár gcuid scéimeanna ar fad. Ag na himeachtaí a eagraítear do dhaltaí scoile áfach, is éascaitheoir é Gael Linn seachas maoirseoir agus ní mór múinteoir nó duine fásta a bheith ainmnithe ag gach scoil a bheidh freagrach as sábháilteacht agus maoirseoireacht na ndaltaí.



## DÁTA DEIRIDH IONTRÁLA
## 14 NOLLAIG 2015

Gael Linn


**Gael Linn**
35 Sráid an Dáma,
Baile Átha Cliath 2.
D02 H797

T : 01 6751200
R : eolas@gael-linn.ie

Ionad Bhóthar na hArdeaglaise,
Bóthar na hArdeaglaise,
Ard Mhacha, BT617QX
T : 028 37522162
R : info@gael-linn.net

www.gael-linn.ie


Foras na Gaeilge






# Coirm Gael Linn Féile Bunscoile

## FOIRM IONTRÁLA (Bloclitreacha le do thoil)

| |
|---|
| Ainm na Scoile: |
| Seoladh: |
| Teil. Scoile: |
| R-phost scoile: |
| Uimhir Rolla na Scoile: |
| Múinteoir i gceannas ar an Seó: |
| Fón Póca an Mhúinteora: |
| R.phost an Mhúinteora: |

**Táille Iontrála: €20/€15 STG per grúpa**

**Tá bealaí éagsúla ann chun an táille a íoc linn, cuir (√) le do rogha:**

**1 CÁRTA CREIDMHEASA** ☐ Cineál Cárta: ______ (VISA, MASTERCARD nó eile)

Ainm ar an gcárta: ______

Uimhir an chárta: ☐☐☐☐ ☐☐☐☐ ☐☐☐☐ ☐☐☐☐

Dáta Éaga: ☐☐☐☐ Na 3 dhigit dheireanacha den uimhir CVC ☐☐☐

**2 LÓISTEÁIL I gCUNTAS BAINC GAEL LINN** ☐

**IBAN: IE59 AIBK 9310 1225 2290 57**
**BIC: AIBKIE2D**
**(Luaigh ainm na scoile leis an lóisteáil)**

**3 ÍOC LE SEIC** ☐

**Seiceanna Iníoctha le Gael Linn agus iniata leis an bhfoirm seo**

**Tá rialacha an chomórtais léite agam agus táim sásta cloí leo.**

**Síniú** ______ **Dáta** ______

**SEOL AN FHOIRM CHUIG:**
**Coirm GAEL LINN, 35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2. D02 H797**

# DÁTA DEIRIDH IONTRÁLA
# 14 NOLLAIG 2015

**Tá sé mar aidhm ag COIRM lucht bunscoile a spreagadh le seó i nGaeilge a chur ar an ardán a léireoidh na tallanna éagsúla atá ag daltaí na scoile, bídís ón rang céanna nó ó ranganna éagsúla. Sa tslí seo táimid ag súil le meas agus spéis na bpáistí sa Ghaeilge a neartú agus deis a thabhairt dóibh í a chleachtadh chomh maith.**

## Na seónna féin

- Is éard atá i gceist le Seó Scoile ná seó i nGaeilge nach mairfidh níos faide ná 20 nóiméad ina mbeidh tallanna éagsúla na scoile á dtabhairt le chéile agus á gcur os comhair lucht féachana. Tá sé tábhachtach cloí leis an teorainn ama ionas nach gcuirfear as don chlár ama.
- Is féidir seó a léiriú ina bhfuil meascán de mhíreanna - ceol, amhránaíocht, scéalaíocht, aithriseoireacht, rince agus araile. Glacfar le seónna i bhfoirm scoraíochta, cabaret, ceoldráma, dráma nó sceitse. Tá físeán de fhéile COIRM le feiceáil ar www.gael-linn.ie
- Ní mór an Ghaeilge, bíodh sí labhartha nó canta, a bheith le cloisteáil ar feadh seacht nóiméad ar a laghad le linn an tseó (Ní leor, mar shampla, seó a léiriú nach mbeidh ann ach míreanna ceoil agus rince tríd síos). Ní cheadófar aon Bhéarla sa seó agus ní bheidh cead fuaimrianta le liricí Béarla a sheinm mar thionlacan lena linn.
- Chun leanúnachas a chruthú d'fhéadfaí téama a roghnú don seó ach ní bheidh sé seo riachtanach.
- D'fhonn compord agus sábháilteacht a chinntiú ní cheadófar níos mó ná 60 páiste in aon seó. Ar ndóigh is féidir seó a chur le chéile le grúpa i bhfad níos lú ná sin. Níl aon íosmhéid i gceist.
- Arís d'fhonn compord agus sábháilteacht a éascú moltar do mhúinteoirí gan páistí ó na ranganna naíonáin a bheith páirteach sa seó.
- Beidh cead ag múinteoir/duine fásta tionlacan ceoil a sholáthar do na páistí i gcás amhránaíochta, nó ceol a sheinm dóibh i gcás rince ach ní mór é a dhéanamh ó chúl/thaobh an stáitse.
- Má táthar chun frapaí a úsáid ní mór a chinntiú gur frapaí simplí, saorsheasaimh, so-iompraithe iad. Beifear ag súil go mbeidh seónna réidh le tosú taobh istigh de 5-7 nóiméad tar éis dóibh teacht ar an ardán.

## Iontráil

- CAITHFIDH foirmeacha iontrála comhlánaithe a bheith ar ais ag Gael Linn, 35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2 roimh 14 Nollaig 2015. Ní mór táille iontrála €20 nó £15 stg. a bheith le gach iarratas.
- Ní cheadófar d'aon scoil níos mó ná seó amháin a iontráil.

## Féilte Coirm

Eagrófar féilte COIRM ar fud na tíre in ionaid oiriúnacha, le háiseanna maithe amharclannaíochta le linn Feabhra/Márta 2016. Seo a leanas na dátaí sealadacha do na féilte. Cinnteofar na hionaid agus na dátaí seo nuair a bheidh na hiarratais uile istigh.

- **Dé Máirt 9 Feabhra 2016** - Amharclann Phlás an Mhargaidh, Ard Mhacha
- **Dé Céadaoin 10 Feabhra 2016** - Amharclann an Ionaid Óige, Mainistir Fhear Maí
- **Déardaoin 11 Feabhra 2016** - Amharclann Naomh Mícheál, Ros Mhic Thriúin
- **Dé Céadaoin 24 Feabhra 2016** - Amharclann Clasach, Fionnradharc, BÁC
- **Déardaoin 25 Feabhra 2016** - An Grianán, Leitir Ceanainn
- **Dé Máirt 1 Márta 2016** - Amharclann an Hawkswell, Sligeach
- **Dé Céadaoin 2 Márta 2016** - An tÁras Ealaíne, An Muileann gCearr
- **Dé Máirt 8 Márta 2016** - Siamsa Tíre, Trá Lí
- **Dé Luain /Dé Máirt 14/15 Márta 2016** - Amharclann na Cathrach, Gaillimh

Chomh maith le bheith páirteach i bhféile COIRM, cuirfear imeachtaí spraíúla ar siúl do na páistí idir na seónna éagsúla. Beidh aoi/aíonna speisialta i láthair chun tabhairt faoi seo. Leagfar amach clár an lae sa chaoi is go mbeidh deis ag na daltaí seónna ó scoileanna eile a fheiceáil freisin.

## Léirmheastóireacht agus Gradaim

- Ní comórtas atá i gceist le COIRM ach tabharfar aitheantas (i bhfoirm gradaim) do sheónna nó do mhíreanna as seónna a léiríonn ardchaighdeán ag na Féilte.
- Ní bheidh aon teorainn leis an líon gradam a mbeidh cead ag an léirmheastóir a bhronnadh agus déanfar gach dícheall a chinntiú go mbronnfar ar a laghad gradam amháin ar gach grúpa a ghlacann páirt. Tabharfar nótaí léirmheastóireachta do gach grúpa.

